Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
IP6

Rangú Sonraí R

Freagra an fhostóra ar éileamh ar Phróiseas Dócmhainneachta Measta faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta de bhun Alt 4D de na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóra), 1984, arna leasú

Cad chuige a bhfaighim an fhoirm seo?

Fuair tú an fhoirm seo chomh maith le litir ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Ba chóir duit an litir a léamh go cúramach.

Tá iarratas déanta ag d'iarfhostaí go measfar tú féin nó do chuideachta a bheith dócmhainneach ionas gur féidir leo íocaíocht airgid a lorg, faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta, a chreideann siad atá agat orthu.

Tabhair faoi deara: I gcás go gcinnfear dócmhainneacht mheasta, ní hionann sin agus a rá go measfar an fostóir mar dhócmhainneach faoi Acht na gCuideachta 2014, faoin Acht Féimheachta 1988, faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012, nó chun críche ar bith eile.

Cathain an fhoirm seo a úsáid

Féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid más mian leat freagra a thabhairt ar an éileamh seo. Má thugann tú freagra, cuirfidh an Roinn san áireamh an méid a deir tú sula ndéanfaidh sí cinneadh. Insíonn an litir ón Roinn duit cén dáta a gcaithfidh do fhreagra a bheith faighte agat.

Ní féidir le do fhreagra ach saincheisteanna a leagtar amach san fhoirm seo a chlúdach. Mura gcuireann tú aon saincheisteanna eile san áireamh, ní bhreithneoidh an Roinn iad seo.

Mura mian leat freagra a thabhairt ar an éileamh seo, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh.

Conas is ceart an fhoirm seo a chomhlánú?

- Scríobh litreacha agus uimhreacha go soiléir ag úsáid bosca amháin do gach ceann acu; **agus**
- Cuir **X** sna boscaí freagraí cuí.

Seicliosta chun an fhoirm seo a chomhlánú

Seiceáil le do thoil go bhfuil:

- **Cuid 1** agus **Cuid 2** comhlánaithe ina n-iomláine.
- Más infheidhme, **Cuid 3** comhlánaithe.
- Más infheidhme, cuirtear faisnéis nó fianaise tacaíochta san áireamh.
- An dearbhú a shíniú agus a dhátú i **gCuid 4.**

Tábhachtach: Ba chóir duit cóip den fhoirm seo a choinneáil le haghaidh do thaifid.

Conas is féidir liom cabhair agus tuilleadh eolais a fháil?

Má bhíonn aon deacracht agat an fhoirm seo a líonadh isteach, déan teagmháil linn ar an bhfón ar **0818 111 112** nó trí ríomhphost ag **insolvencypayments@welfare.ie**. Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh d'Éirinn glaoigh ar **+353 1 6734500**.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/deemedinsolvency**

Cuid 1 Sonraí an Fhostóra

Tagairt éilimh an fhostaí:
(Is féidir leat é seo a fháil ar an litir a sheol an Roinn chugat)

1. Uimhir ÍMAT an fhostóra:

2. Ainm cláraithe an fhostóra:

3. Ainm trádála an fhostóra, más difriúil ón méid thuas:

4. Seoladh cláraithe an fhostóra:

Contae

Éirchód

Tír

5. Cén cineál fostóra thú? Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas le do thoil:

Cuideachta: ☐ Comhpháirtíocht: ☐

Trádálaí Aonair: ☐ Eile: ☐

Má roghnaítear **eile**, tabhair sonraí le do thoil:

6. Más trádálaí aonair thú, an bhfuil aon fhostaithe agat faoi láthair? ☐ Tá ☐ Níl

Má **tá**, luaigh an fhaisnéis thíos le do thoil:

Tabhair faoi deara: Má tá sé ar fáil, tabhair aon doiciméadú tacaíochta chun tacú leis seo.

7. Más cuideachta, comhpháirtíocht nó cineál fostóra eile thú, an bhfuil tú ag leanúint ar aghaidh ag trádáil? ☐ Tá ☐ Níl

Má **tá**, luaigh an fhaisnéis thíos le do thoil:

Tabhair faoi deara: Má tá sé ar fáil, tabhair aon doiciméadú tacaíochta chun tacú leis seo.

Cuid 2 Sonraí Teagmhála an Fhostóra

8. Sloinne an teagmhálaithe:

9. Céadainmneacha an teagmhálaithe:

10. Uimhir theileafóin an teagmhálaithe:

11. Seoladh ríomhphoist an teagmhálaithe:

Cuid 3 Tuairim an fhostóra ar airgead a d'éiligh iarfhostaí

Líon isteach an chuid seo má tá íocaíocht(aí) déanta agat cheana féin le d'iarfhostaí **nó** má tá tú ag díospóid go bhfuil d'fhostaí i dteideal an airgid atá éilithe acu maidir le riaráistí pá, pá saoire, pá breoiteachta nó pá fógra íosta.

12. An ndearna tú íocaíocht cheana féin le d'iarfhostaí as an airgead a d'éiligh siad san Fhoirm IP4? ☐ Rinne ☐ Ní dhearna

13. An ndéanann tú díospóid faoi aon cheann de na méideanna a d'éiligh d'iarfhostaí san Fhoirm IP4? ☐ Déanann ☐ Ní dhéanann

Má d'fhreagair tú **rinne/déanann** do cheist 12 agus/nó ceist 13, comhlánaigh an tábla thíos le do thoil:

Cineál Fiachais	Roghnaigh gach ceann atá oiriúnach	Méid a d'éiligh an fostaí, féach foirm IP4	An méid atá faoi dhíospóid ag an bhfostóir	Méid atá íoctha cheana féin ag an bhfostóir	Dáta íoctha ll/mm/bb
Riaráistí pá agus asbhaintí ó phá	☐ Tá cuid nó t-iomlán íoctha agam ☐ Déanaim aighneas faoin éileamh seo	€	€	€	
Riaráistí pá saoire	☐ Tá cuid nó t-iomlán íoctha agam ☐ Déanaim aighneas faoin éileamh seo	€	€	€	
Fógra íosta reachtúil	☐ Tá cuid nó t-iomlán íoctha agam ☐ Déanaim aighneas faoin éileamh seo	€	€	€	
Riaráistí atá dlite faoi scéim um pá breoiteachta cuideachta	☐ Tá cuid nó t-iomlán íoctha agam ☐ Déanaim aighneas faoin éileamh seo	€	€	€	
Dámhachtain ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó ón gCúirt Oi-breachais	☐ Tá cuid nó an t-iomlán íoctha agam	€	N/B	€	

Tabhair faoi deara: Ní féidir leat díospóid a dhéanamh faoi mhéideanna arna ndámhachtain ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó an Chúirt Oibreachais.

Cuid 4 Dearbhú Fostóra

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam ar an bhfoirm seo fíor agus iomlán.

Dáta: L L M M B B B B (2 0 _ _)

Síniú an fhostóra, **ní** i gceannlitreacha.

Ról an tsínitheora:
Mar shampla; stiúrthóir cuideachta, rúnaí, Bainisteoir AD.

Cén áit ar cheart duit an fhoirm seo a sheoladh chuici

Ba chóir don fhostóir an fhoirm chomhlánaithe seo a sheoladh in éineacht le haon doiciméid tacaíochta chuig:

An tAonad Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta
Próiseas Measta Dócmhainneachta
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Urlár na Talún,
Teach Gandon
Baile Átha Cliath 1
D01 A361

Rabhadh: Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choimeádann tú faisnéis siar, féadfar tú a ionchúiseamh agus dá thoradh sin, féadfar fíneáil, tréimhse phríosúnachta nó iad araon a ghearradh ort.

Ráiteas um Chosaint Sonraí

Riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí córas cosanta sóisialta na hÉireann. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais eile i gcás ina bhforáiltear dó sin le dlí. Tá ár mbeartas um chosaint sonraí ar fáil ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir amháin a bheartaítear mínithe agus na téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.